

Céimeanna Comparáide na hAidiachta



Achoimre Dheich bPointe

1. Chun an Chéim Chothraim a chruthú, úsáidtear an struchtúr seo:
Chomh + aidiacht + le + ainmfhocal. ACH, cuirtear chomh agus le "h" roimh ghuta.
2. Is é an bhunchéim an fhoirm is simplí den aidiacht. Mar shampla ciúin.
3. Cuirtear "níos" roimh an aidiacht chun an bhreischéim a úsáid.
4. Cuirtear "is" roimh an aidiacht chun a sárchéim a úsáid.
5. Chun an bhreischéim agus sárchéim a úsáid, cuirtear "e" ag deireadh an aidiacht. Uaireanta, caitear an consan deireanach a athrú go consan caol.

Bunchéim	Breischéim	Sárchéim
ciúin	<u>níos</u> ciúine	<u>is</u> ciúine
ard	<u>níos</u> airde	<u>is</u> airde

6. ACH...má chríochnaíonn an aidiacht le "ach", cuirtear "aí" ina ionad, agus má chríochnaíonn an aidiacht le "each", cuirtear "í" ina ionad.

Bunchéim	Breischéim	Sárchéim
tábhachtach	<u>níos</u> tábhachtaí	<u>is</u> tábhachtaí
díreach	<u>níos</u> dírí	<u>is</u> dírí

7. AGUS...má chríochnaíonn an aidiacht le "air" cuirtear "ra" ina ionad, agus má chríochnaíonn an aidiacht le "úil", cuirtear "úla" ina ionad.

Bunchéim	Breischéim	Sárchéim
deacair	<u>níos</u> deacra	<u>is</u> deacra
spórtúil	<u>níos</u> spórtúla	<u>is</u> spórtúla

8. Níl aon athrú le hainmfhocail a chríochnaíonn ar ghuta.